Tánaig long ar Loch Raithneach

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 30, p. 224-33]

A ughdar so an bard Mac an tSaoir

1 Tánaig long ar Loch Raithneach
go h-úrchóideach ionnsaightheach,
go h-aistreach éadtrom earlamh
fairsing déadlach doidhealbhach.

2 An long soin do luadhtar linn
níor chum cumadóir romhainn;
córaide a h-iongnadh d'innse,
cia a fiodhradh dá foirinnse.

3 Buird do dhuilleógaibh dreasa
ó chorraibh a caoimhleasa;
[......................................]
tairngí dreasa 'gá dlúthadh.

4 Reanga láir do luachair chrín,
totaí coiseóga cláirmhín;
ráimh do sgealbaibh raithnigh ruaidh
ré gráin na fairge fionnfhuair.

5 Crann siuil do chuilcnibh calma
ré muir dúrdha danarra;
*tá* slat bhréan ar gcúl an chrainn,
connlán dúr ar a [....................].

6 Cáblaí do chaithibh eórna
ar srothaibh 'gá sírsheóladh;
seól sreabhainn ris an chairbh dhuibh,
deabhaidh searbh ag na srothaibh.

7 Long na ndrochbhan adeir cách
ris an luing go gcruth neamhghnách;
cóir tuilleadh san lucht san luing
ré h-ucht tuinne dá tarraing.

8 Na mná measgacha mórdha
'na deireadh ar drochcomhrádh;
sál tar a leas annsan luing,
freastal gan ádh gan urraim.

9 Na mná loma náireach soin
ar leabaidh draighin deacair;
taom tar a gcois annsan gcairbh,

brosnadh ar an ghaoith ghléghairbh.

10 Na mná labhrach ar gach leth
do ar [....................] na cairbhe,
iona ngurrach ré taobh tonn,
gaoth [........] fuighleach focal.

11 Na mná coitcheann corra soin
ós cionn cáich annsan gcrann-soin,
a ndeireadh ré gaoith *na n*gleann,
dlaoi teineadh fá *dtimcheall*.

12 Na mná uaibhreacha uile
i dtopchrann na caomhluinge,
gan [..........] gan chairrge dhe
acht fairrge *ag* fadódh feirge.

13 Torann tréan annsan mhuir mhóir,
fearg ar iarmhaint an aieoir;
*an* cuthach ar cairrgibh clach,
sruth *na* fairrge ’gá folach.

14 Frasa garbha ré gaoith Mháirt,
cairrge loma mán luathbháirc;
fraoch ar tosgaraibh *na d*tonn,
gaoth ag brosnadh má dtiomchall.

15 Anfadh garbh ré gaoith shneachta
’gá casadh mán chuideachta;
go muir [...] is í nach tiugh;
long shalach tá má timcheall.

16 Idir cheann is chois is láimh
gan díoth díola ar na drochmhnáibh;
ar cígh chuain ar cairde a mach
ar fairrge bhrígh ón bhfadódh.

17 Tá lán Luicifeir i luing
Mheic Cailéin, Donnchaidh dhearccuirr,
ar ghalraighe ar ghnáth ar dhath,
do mhnáibh na ndeárna ndatha.